# Rialálaí Eitlíochta (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin)
# Údarás Eitlíochta na hÉireann

Tá Rialtas na hÉireann ag déanamh atheagrú ar an mbealach a ndéantar tionscal na heitlíochta a rialú in Éirinn, trí gach feidhm rialála eitlíochta a thabhairt le chéile faoi chomhlacht rialála eitlíochta náisiúnta athbhunaithe - Údarás Eitlíochta na hÉireann (IAA) - agus fiontar Stáit tráchtála ar leith ann féin a bhunú chun seirbhísí aerloingseoireachta agus rialaithe tráchta a chur ar fáil - AirNav Ireland.

Nuair a bheidh sé bunaithe, sannfar freagracht i leith gach feidhm rialála a bhaineann le cúrsaí eitlíochta ar an IAA athbhunaithe, lena n-áirítear feidhmeanna sábháilteachta, slándála, cosanta geilleagair agus tomhaltóra, chun feidhmeanna rialála reatha an IAA a thabhairt le chéile (www.iaa.ie) le feidhmeanna an Choimisiúin um Rialála Eitlíochta. Stadfaidh sé de sheirbhísí aerloingseoireachta a chur ar fáil.

Táthar ag lorg iarratais ar an bpost Rialálaí Eitlíochta (POF Ainmnithe) san IAA chun ceannasaíocht a ghlacadh ar an gcomhlacht rialála nua. Ar feitheamh achtú an Bhille Aerloingseoireachta agus Aeriompair 2020 ("an reachtaíocht") chun stádas iomlán reachtúil a thabhairt don phost, beidh freagracht feidhmiúcháin ar an Rialálaí Eitlíochta i dtaobh fheidhmeanna rialála sábháilteachta agus slándála an IAA, agus tuairisceoidh sé/sí go díreach don Bhord. Beidh an Rialálaí Eitlíochta i gceannas chomh maith ar aistriú agus ar bhunú an chomhlachta rialála nua a thabhairt chun críche, próiseas a bhfuil dul chun cinn mór déanta ina leith cheana féin. Nuair a bheidh an reachtaíocht achtaithe, glacfaidh an Rialálaí Eitlíochta (POF) an post reachtúil iomlán air/uirthi féin agus beidh i gceannas ar an eagraíocht agus déanfaidh í a stiúradh d'fhonn a chinntiú go rachaidh an IAA nua i mbun gach ceann dá chuid dualgas agus oibleagáidí rialála ar na caighdeáin is airde.

Beidh luach saothair de réir ghnáthchoinníollacha earnáil phoiblí na hÉireann agus i gcomhréir le riachtanais an róil. Beidh na nithe seo a leanas ag an iarratasóir inmhianaithe:

- Taithí shuntasach ag leibhéal sinsearach feidhmiúcháin a léiríonn na scileanna ceannaireachta atá de dhíth chun treoir straitéiseach a chur ar fáil, athrú a bhainistiú, bainistiú éifeachtach clár a chinntiú agus torthaí a bhaint amach;
- Taithí san earnáil phoiblí / in eagraíochtaí Rialtais nó taithí a bheith ag obair leo lena n-áirítear ábaltacht oibriú go héifeachtach le Bord atá ceaptha ag an Rialtas;
- Tiomantas do bharr feabhais i gcúrsaí rialála, i rialachas corparáideach agus i mbainistiú riosca agus cruthúnas maith air sin aige/aici;
- Taithí dhomhain ar thionscal na heitlíochta, lena n-áirítear eolas ar rialáil sábháilteachta, slándála agus gheilleagrach, nó taithí chuí eile ag leibhéal sinsearach;
- Scileanna láidre anailíse agus cinnteoireachta agus an ábaltacht saincheisteanna tábhachtacha a aithint agus seasaimh a thabhairt a bheidh láidir i gcoinne iniúchadh seachtrach;
- Scileanna rannpháirtíochta páirtithe leasmhara den scoth agus ábaltacht chruthaithe i dtaobh caidrimh éifeachtacha a bhunú ar feadh réimse éagsúil de pháirtithe leasmhara inmheánacha, seachtracha agus idirnáisiúnta;
- Scileanna láidre agus éifeachtacha cumarsáide;
- Taithí ar eagraíochtaí idirnáisiúnta ag leibhéal AE agus ag leibhéal domhanda.

***Chun iarratas a dhéanamh ar an ról seo, seol curriculum vitae cuimsitheach in éineacht le ráiteas pearsanta ina ndéanann tú cur síos ar an gcaoi a léiríonn an taithí atá agat go bhfuil tú feiliúnach don ról ar ríomhphost chuig ie_ceo_iaa@pwc.com. Chun comhrá faoi rún a bheith agat faoin bpost nó chun tuilleadh eolais a fháil ina leith, déan teagmháil le PwC Executive Search - Ellen Roche ar +353 87 6370812 nó le Adrienne Harten ar +353 87 2472896.***

**Is é Dé hAoine an 18 Samhain 2022 an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais.**